Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Feabhra 2019
(OR. en)

6556/19

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0309(COD)**

CODEC 471
PROCIV 13
JAI 150
COHAFA 16
FIN 155

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 196 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 23 Samhain 2017.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 18 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Ar an 16 Bealtaine 2018, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh[3].

---

[1] 14884/17.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.
[3] IO C 361, 5.10.2018, lch. 37.

4. Ar an 12 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 90/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 6227/19.